



An Roinn Forbartha
Tuaithe agus Pobail
Department of Rural and
Community Development

Ár dTodhchaí
Tuaithe
Our Rural
Future



Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

Town and Village Renewal Scheme



**Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte - Gairm
Tograí**

2025 Achoimre ar an Scéim

Ba cheart gach ceist a sheoladh ar ríomhphost chuig: townandvillage@drctd.gov.ie

Clár

1	Overview of the 2025 Scheme	3
2	Grant Level Available	6
3	Categories of Towns	7
4	Application, Assessment and Approval Process	8
5	Types of Activities Supported	11
6	Types of activities not supported	13
8	Local Authority Costs	14
9	Funding Conditions	15
10	Application Scoring Framework	18
	Appendix 1 – Allowable Number of Applications by Category	21
	Appendix 2 – Hub Classification Guide	22

Réamhrá

Maoinithe faoi [Thionscadal Éireann 2040](#), is príomhbheart í an [Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte](#) (SABS) a thacaíonn go díreach le cuspóirí *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann* agus an Bheartais *Lár Bailte ar dTús* (LBT). Tugadh isteach an Scéim in 2016 agus tá sí mar chuid de shraith beart atá deartha chun bailte agus sráidbhailte tuaithe ar fud na hÉireann a athnuachan.

Leagtar amach sa [Chreat Náisiúnta Pleanála](#) (NPF) an fhís agus an straitéis d'fhorbairt ár dtíre, cothromaithe ar fud na réigiún, na mbailte agus na gcathracha go léir, go dtí an bhliain 2040. Déanann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail iarracht tacú le feabhas a chur ar phobail bhríomhara, chuimsitheacha agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann. Tacaíonn an Roinn le gealltanais NPF trí bheartas agus infheistíocht spriocdhírthe a thugann cumhacht do phobail, a thacaíonn le hathnuachan inbhuanaithe tuaithe agus a chothaíonn fás réigiúnach.

Tá sé mar aidhm ag [Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann - Beartas Forbartha Tuaithe 2021-2025](#) tacú le saol rathúil na tuaithe in Éirinn. Tá sé seo lárnach dár sláinte agus dár bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta, chultúir agus chomhshaoil náisiúnta. Áirítear leis seo bailte agus sráidbhailte tuaithe a athnuachan, agus beocht na n-áiteanna tuaithe a fheabhsú. Tá sé mar aidhm leis a chur ar chumas daoine a bheith ina gcónaí agus ag obair i dtimpeallacht d'ardchaighdeán.

Tá sé mar aidhm ag an mBeartas [Lár Bailte ar dTús](#) freisin na huirlisí agus na hacmhainní a theastaíonn uathu a thabhairt do na bailte chun bheith ina n-áiteanna níos inmharthana agus níos tarraingtí chun bheith i do chónaí iontu, chun oibriú iontu, cuairt a thabhairt orthu agus gnó a reáchtáil iontu. Tá raon gníomhaíochtaí agus tacaíochtaí díreacha ann atá ceaptha chun athbheochan sóisialta agus eacnamaíoch na mbailte a fheabhsú, chomh maith le seasmhacht tuaithe a fheabhsú trí dhul i ngleic le dúshlán amhail foirgnimh fholmha agus foirgnimh thréigthe. Chomh maith leis sin, tacaíonn na gníomhartha le cosaint an chomhshaoil, mar aon le cosaint na hoidhreacht agus an chultúir inár mbailte.

Tá SABS 2025 deartha chun tacú le hathbheochan tuaithe na hÉireann trí dhíriú ar athnuachan eacnamaíoch agus shóisialta lár an bhaile a spreagadh. Bainfear é sin amach trí thionscadail a thacaíonn le **cruthú fostaíochta inbhuanaithe, seasmhacht agus athnuachan lár an bhaile**, feabhas a chur ar **shráid-dreacha**, agus **foirgnimh agus tailte folmha agus tréigthe** a athúsáid mar spásanna ilchuspóireacha pobail trí athchóiriú a dhéanamh orthu.

Déantar SABS a reáchtáil trí údaráis áitiúla, a oibríonn go dlúth le pobail áitiúla agus le gnólachtaí áitiúla chun tograí áitbhunaithe a fhorbairt.

1 Achoimre ar Scéim 2025

Aithníonn an Roinn, trí na beartais *Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, Lár Bailte ar dTús* agus [Ár nOileáin Bheo](#), an tábhacht a bhaineann le bailte agus sráidbhailte tuaithe bríomhara agus seasmhacha a chruthú agus a chothabháil, agus go leanfar de sin a bhaint amach trí raon leathan idirghabhálacha agus infheistíochtaí straitéiseacha a sheachadadh ar fud na tíre.

Ó seoladh an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte in 2016, tá níos mó ná €177 milliún leithroinnt ar bheagnach 1,800 tionscadal ar fud na hÉireann. Tacóidh SABS 2025 le tionscadail chaipitil bheaga agus mheánmhéide.

Ní mór do thionscadal a chuirtear isteach faoin SABS a bheith lonnaithe i lár an bhaile nó lár an tsráidbhaile. Cuirfear maoiniú ar fáil do thograí ar féidir iad a chur isteach faoi thrí cheannteideal ar leith;

- 1) an **Phríomhscéim** ina mbeidh maoiniú deontais do thionscadail idir €50,000 agus €500,000;
- 2) iarratais a dhéantar faoin **mBeart Forbartha Tionscadail** le maoiniú suas le €50,000 ar fáil in aghaidh an tionscadail; agus
- 3) iarratais faoin **mBeart Fála Foirgnimh nó Talún** ina gcuirfear maoiniú suas le €500,000 ar fáil in aghaidh an údaráis áitiúil.

An Phríomhscéim

Tá 'Príomhscéim' SABS 2025 leagtha amach chun tacú le hathbheochan agus seasmhacht shaol na tuaithe in Éirinn trí dhíriú go leanúnach ar athnuachan lár an bhaile, agus beocht eacnamaíoch agus shóisialta a fheabhsú i gcomhréir leis an mbeartas Lár Bailte ar dTús.

Bainfear é seo amach trí thionscadail:

- athbheochan lár bailte a chur chun cinn;
- tacú le forbairt phláis lár bailte nó lár sráidbhailte;
- spásanna glasa nó áiseanna fóillíochta a fhorbairt i lár bailte nó sráidbhailte;
- feabhas a chur ar shráid-dreacha;
- tacú le margaí i lár bailte nó sráidbhailte, m.sh. margaí feirmeoirí nó margaí ceardaíochta;
- tacú le hinfreastruchtúr a chur ar fáil (m.sh. oibreacha sa réimse poiblí, soláthar seirbhíse, forscáthanna srl.) chun margaí lár bailte nó sráidbhailte a éascú (m.sh. margaí feirmeoirí, margaí faoin aer, margaí trádálaí áitiúla, margaí ceardaíochta nó a leithéid);
- ionaid phobail a fheabhsú/a athchóiriú;
- foirgnimh fholmha agus thréigthe a úsáid arís mar spásanna pobail ilfheidhme;

Ní mór iarratais faoin **bPríomhscéim** a chur isteach faoi am scoir gnó an 25 Iúil 2025.

An Beart Forbartha Tionscadal

Cuirfidh an Beart Forbartha Tionscadail (PDM) suas le €50,000 ar fáil in aghaidh an tionscadail. Is é cuspóir an PDM cabhrú le húdaráis áitiúla sraith de thionscadail shuntasacha, dea-fhorbartha a bhunú a d'fhéadfaí a chur ar aghaidh go tapa agus go héifeachtúil ina dhiaidh sin go dtí céim na tógála, faoi réir maoiniú breise a bheith ar fáil.

Ba cheart go n-áireofaí in iarratas PDM amháin na costais forbartha m.sh. dearadh mionsonraithe, ullmhúchán don phleanáil agus/nó don soláthar, measúnuithe cuí srl. maidir le tionscadal straitéiseach amháin ar scála meánach agus mór sa todhchaí. Tabhair faoi deara nach gcinntíonn ceadú maoinithe sa chatagóir seo tacaíocht do thionscadail sa todhchaí tríd an TVRS. Caithfidh an tionscadal dul tríd an ngnáthphróiseas iomaíoch SABS fós le haghaidh ceadú.

Cuimsíonn an Ghairm Tograí PDM gur féidir le húdaráis áitiúil **dhá** iarratas ar a mhéad a chur isteach ar mhaoiniú suas le €50,000¹. Socraíodh uasleibhéal an deontais ag 90% de chostas iomlán PDM go dtí €50,000 ar a mhéad. Mar aitheantas ar rangú Réigiún an Iarthuaiscirt ag Coimisiún an AE² mar réigiún atá ag athrú agus d'fhonn cabhrú go réamhghníomhach le dul i ngleic le héagothromaíochtaí réigiúnacha, is é 95% an maoiniú deontais uasta agus €50,000 ar a mhéad do na contaetha sin i réigiún an Iarthuaiscirt³.

Ní mór iarratais ar mhaoiniú faoin mBeart Forbartha Tionscadail a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais ar leith maidir le Beart Forbartha Tionscadail agus **ní mór iad a chur isteach chuig an Roinn faoin 25 Iúil 2025**.

Beart Fála Foirgnimh nó Talún (BLAM)

Mar iarracht bhreise lár bailte a athrú agus a athnuachan, tá an Beart Fála Foirgnimh nó Talún á chur ar fáil in 2025 chun deis a thabhairt d'Údaráis Áitiúla foirgnimh agus/nó talamh thréigthe nó fholamh a cheannach laistigh de bhailte nó sráidbhailte incháilithe. Caithfidh réasúnaíocht shoiléir a bheith ag baint le haon cheannachán den sórt sin maidir leis an gcaoi a n-úsáidfear iad amach anseo chun críocha athnuachana bailte de réir aidhmeanna na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte.

Ní mór d'fhoirgnimh a cheannaítear faoin mBeart seo a bheith le húsáid mar spásanna pobail ilchuspóireacha agus ní mór do thalamh a cheannaítear faoin mBeart seo áis nua ilchuspóireach a chur ar fáil don phobal. Chun measúnú a dhéanamh ar iarratais faoin mBeart Fála Foirgnimh nó Talún, beidh ar an Údaráis Áitiúil a dheimhniú gur féidir an maoiniú ar fad a tharraingt anuas in 2025

Chomh maith leis sin, ní mór don údaráis áitiúil an méid a leanas a chur de cheangal air féin:

¹ D'fhéadfadh tionscadal a bheith i gceist leis seo atá nasctha le próiseas Lár Bailte ar dTús/Foirm Baile sa chás go bhfaigheann an tionscadal sin tacaíocht ón gComhairle.

² Rangaíonn an Coimisiún Eorpach réigiúin bunaithe ar a n-aschur in aghaidh an duine den daonra le hais Meán AE27. Is éard is Réigiún atá ag Athrú ann ná réigiún a bhfuil OTI in aghaidh an duine idir 75% agus 100% de mheán an AE aige.

³ Is iad na contaetha i Réigiún an Iarthuaiscirt atá ag Athrú ná Dún na nGall, an Cabhán, Sligeach, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh, Liatroim, Muineachán

- Sa chás go gceannaítear foirgneamh nó píosa talún, beidh sé mar bhunús d'iarratas faoi SABS laistigh de na trí bliana ina dhiaidh sin;

Nó

- Beidh an foirgneamh nó an talamh á fhorbairt chun críocha athnuachana bailte trí acmhainní an Údaráis Áitiúil féin nó trí shruth maoinithe poiblí ábhartha eile faoi dheireadh 2028.

Féadfaidh Údaráis Áitiúla suas le 3 fhoirgneamh agus / nó píosaí talún folmha nó tréigthe ar an iomlán a cheannach **sa chás go bhfuil siad in ann tarraingt anuas cistí a chríochnú in 2025.** Is é €500,000 an ciste iomlán atá ar fáil in aghaidh an údaráis áitiúil faoin mbeart seo.

Ní mór iarratais ar mhaoiniú faoin mBeart Fála Foirgnimh nó Talún a chur isteach chuig an Roinn faoin 2 Bealtaine 2025, agus ní mór iad a dhéanamh ar an bhfoirm iarratais ar leith maidir le Beart Fála Foirgnimh nó Talún.

Is féidir leis an údarás áitiúil maoiniú a tharraingt anuas nuair is féidir fianaise a sholáthar go bhfuil an díol an fhoirgnimh nó na talún comhaontaithe agus go bhfuil cistí iomlána aistrithe ón údarás áitiúil don cheannach. Mura dtéann an díol a comhaontáíodh ar aghaidh ina dhiaidh sin, ní mór an t-airgead ar fad a thabhairt ar ais don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD).

Tá praghas ceannaigh an fhoirgnimh nó na talún incháilithe le haghaidh maoinithe. Níl costais idirbhirt eile a bhaineann leis an gceannachán incháilithe. I bhfianaise na gcostas a bhaineann leis an gceannachán a bhfuil an t-údarás áitiúil ag tabhairt faoi, maoineofar 100% den chostas ceannacháin suas leis an teorainn uasta de €500,000 in aghaidh an údaráis áitiúil.

Le cistí a tharraingt anuas, beidh an méid seo a leanas ag teastáil ó údaráis áitiúla:

- (i) Tuarascáil luachálaí neamhspleách a dhearbhaíonn luach an fhoirgnimh nó na talún;
- (ii) Tuarascáil Cigireachta Tógála/ Suirbhéireacht Tógála d'aon fhoirgnimh atá á gceannach;
- (iii) Cruthúnas go ndearnadh aontú dleathach ar an díol;
- (iv) Cruthúnas gur aistríodh an t-airgead ón Údarás Áitiúil.

Ní mór an méid thuas a chur isteach chuig an Roinn faoin **21 Samhain 2025.**

2 Leibhéal Deontais na Príomhscéime atá ar fáil⁴

Faoi phríomhscéim na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2025;

- Is é €50,000 ar a laghad an deontas a chuirfear ar fáil.
- Fanfaidh an t-uasleibhéal deontais atá ar fáil faoi Scéim 2025 ag €500,000 i leith iarratas **amháin** ó gach údarás áitiúil.
- Beidh uasteorainn maoinithe €300,000 i bhfeidhm maidir le **3** iarratas breise ar a mhéad in aghaidh an údaráis áitiúil.
- Cuirtear fáilte roimh iarratas breise **amháin** ar mhaoiniú suas le €300,000 ó údaráis áitiúla a bhfuil **oileán ar a bhfuil cónaí amach ón gcósta agus/nó ceantair Ghaeltachta faoina gcúram** (ceann amháin ar a mhéad in aghaidh an údaráis áitiúil má tá oileán amach ón gcósta agus ceantar Gaeltachta ag an údarás).
- Ní féidir ach aon iarratas amháin a chur isteach i ndáil le haon bhaile/sráidbhaile ar leith, lena n-áirítear bailte a d'fhéadfadh bheith faoi shainchúram níos mó ná údarás áitiúil amháin.
- Mar aitheantas ar rangú an Choimisiúin Eorpaigh ar **réigiún an lathuaiscirt** mar 'Réigiún atá ag Athrú' agus d'fhonn cabhrú go réamhghníomhach le dul i ngleic le héagothromaíochtaí réigiúnacha, beidh **cúnamh deontais 95%** de chostas iomlán an tionscadail ag baint le contaetha sa réigiún sin⁵.

Tá tábla in Aguisín 1 le sceideal ina sonraítear líon na n-iarratas a cheadaítear in aghaidh an údaráis áitiúil do chatagóirí tionscadail ar leith.

Socraíodh uasleibhéal deontais SABS ag 90% de chostas iomlán an tionscadail. Ní mór don Údarás Áitiúil, don phobal agus/nó ranníocaíochtaí Daonchairdiúla an 10% eile den mhaoiniú a chur ar fáil

Mar aitheantas ar rangú Réigiún an Lathuaiscirt an Choimisiúin Eorpaigh mar réigiún atá ag athrú agus d'fhonn cabhrú go réamhghníomhach le dul i ngleic le héagothromaíochtaí réigiúnacha, is é 95% an maoiniú deontais uasta do na contaetha sin i réigiún an lathuaiscirt. Sa chás seo, ní mór don Údarás Áitiúil, don phobal agus/nó ranníocaíochtaí Daonchairdiúla an 5% eile den mhaoiniú a chur ar fáil.

Níl cistí a fuarthas ó scéimeanna nó cláir reatha de chuid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail nó ó shruthanna maoinithe poiblí eile incháilithe lena n-úsáid mar chistiú meaitseála.

⁴ Tá sonraí faoi leibhéil deontais atá ar fáil faoin mBeart Forbartha Tionscadail agus faoin mBeart Fála Foirgnimh nó Talún ar fáil ar leathanaigh 4 agus 5 den doiciméad seo.

⁵ Is iad na contaetha i Réigiún an Lathuaiscirt atá ag Athrú ná Dún na nGall, an Cabhán, Sligeach, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh, Liatroim, Muineachán.

3 Catagóirí Bailte

Tá scéim 2025 dírithe ar thrí chatagóir bailte/sráidbhailte mar seo a leanas agus bunaithe ar shonraí [Dhaonáireamh 2022](#):

Catagóir 1: Bailte agus Sráidbhailte⁶ ina bhfuil daonra 5,000 duine nó níos lú.

Catagóir 2: Bailte ina bhfuil daonra idir 5,001 agus 10,000 duine.

Catagóir 3: D'fhéadfadh bailte níos mó a bhfuil daonra suas le 15,000 duine iontu bheith incháilithe i gcás ina bhfuil an t-iaratas ar ardchaighdeán agus ina leagtar amach géarghá le hinfheistíocht, luach maith ar airgead agus torthaí dearfacha a mbeidh éifeacht shuntasach acu ar an mbaile.

Díreofar béim lárnach na scéime ar bhailte agus sráidbhailte Chatagóir 1 a gheobhaidh 60% ar a laghad den mhaoiniú foriomlán atá ar fáil faoin Ghairm seo.

Leanfar de thacaíocht a thabhairt de na hoileáin amach ón gcósta ar a bhfuil cónaí faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte 2025. Tacóidh sé seo le pobail inbhuanaithe agus bhríomhara, agus tabharfaidh sé deis do chuairoteoirí taithe a fháil ar an gcultúr, ar an oidhreacht agus ar an saibhreas comhshaoil ar leith atá le mothú ar na hoileáin.

⁶ Sainmhínítear sráidbhaile mar lonnaithe bheag de thithe, níos lú i méid ná baile, atá cruinnithe le chéile timpeall ar phointe spéise lárnach amháin ar a laghad ar nós scoil, séipéal, siopa, teach tábhairne, ionad pobail srl.

4 An Próiseas Iarratais, Measúnaithe agus Ceadaithe

Is trí phróiseas iomaíoch a roghnófar tionscadail faoin Scéim don bhliain 2025. Agus an Roinn i mbun na tionscadail a n-éiríonn leo a roghnú, i gcomhréir leis an gCód Caiteachais Phoiblí, déanfaidh an Roinn feidhmíocht an údaráis áitiúil roimhe seo a chur san áireamh i dtaca le tionscadail roimhe seo faoin Scéim a chur i gcrích. D'fhéadfadh moilleanna iomarcacha ar sheachadadh tionscadail a bheith mar thoradh ar líon na dtionscadal atá ceadaithe do chontae ar leith faoi Scéim 2025.

Déanfaidh an Roinn an roghnú deiridh ar bhonn na n-iarratas a chuireann na húdaráis áitiúla isteach, ar cháilíocht na n-iarratas seo agus ar na costais tionscadail a chuirtear ar fáil mar aon leis an méid a bhfuil sé de chumas ag na hiarratais cuspóirí na scéime a bhaint amach. Maidir le hiarratais faoin bPríomhscéim, ní mór d'údaráis áitiúla na nithe seo a leanas a chur isteach:

- Bileog Achoimre ar Léiriú Spéise ina liostaítear na léirithe spéise go léir a fuair an tÚdarás Áitiúil (riachtanach don Phríomhscéim agus don PDM);
- Bileog Achoimre na nIarratas, ina sonraítear na hiarratais atá á gcur isteach ag an Údarás Áitiúil (riachtanach don Phríomhscéim, PDM agus BLAM);
- Foirm Iarratais ar leith do gach tionscadal (riachtanach don Phríomhscéim, PDM agus BLAM);
- Anailís airgeadais a oireann do scála gach tionscadail a chuirtear isteach (riachtanach don Phríomhscéim amháin);
- Fianaise tacaíochta bhreise sa chás go bhfuil aon chineál mol cianoibre/fiontraíochta/oiliúna á mbreithniú⁷ (riachtanach don Phríomhscéim amháin); agus eolas breise faoi oibreacha athchóirithe lárionaid phobail (nuair is infheidhme) (riachtanach don Phríomhscéim amháin)

Ní mór iarratais faoin bPríomhscéim agus faoin mBeart Forbartha Tionscadail a chur isteach faoi am scoir gnó an 25 Iúil 2025⁸.

Tá feidhm ag na coinníollacha seo a leanas maidir leis an bpróiseas iarratais don Phríomhscéim agus don Bheart Forbartha Tionscadail:

- Ceanglaítear ar údaráis áitiúla **fógraíocht a dhéanamh le haghaidh léirithe spéise ó bhailte/sráidbhailte ina gceantar** agus, de réir na bparaiméadar atá leagtha amach sa cháipéis seo, tograí a roghnú chun forbairt ina n-iarratais mhionsonraithe atá le cur faoi bhráid na Roinne.
- **Ní mór tograí a fhorbairt i gcomhairle le Foirne Baile (sa chás go bhfuil siad i bhfeidhm) agus/nó le leasanna pobail agus gnó baile/sráidbhaile áitiúla.** Is gné riachtanach de

⁷ I bhfianaise líon na Mol Cianoibre agus Moil eile a tacaíodh leo go dtí seo agus atá ar fáil anois go náisiúnta, ní mór d'aon togra a fhaightear lena n-áirítear áiseanna Mol éileamh/riachtanas agus inbhuanaitheacht airgeadais leanúnach na háise a léiriú go sainráite.

⁸ Tabhair faoi deara: Ní mór iarratais faoin mBeart Fála Foirgnimh nó Talún a chur isteach faoin 2 Bealtaine 2025.

thionscadail a n-éireoidh leo go mbeadh grúpaí leasa pobail agus/nó gnó rannpháirteach go hiomlán. Ba cheart go mbeadh thionscadail aitheanta mar chuid de phlean Lár Bailte ar dTús, plan straitéiseach/reachtúil, Plan Forbartha Contae, Plan Áitiúil Eacnamaíoch agus Pobail (LECP) nó a leithéid, arna dtáirgeadh don bhaile nó don sráidbhaile.

- D'fhéadfadh roinnt eilimintí nasctha a bheith san áireamh in iarratas ar leith chun tacú le hathnuachan an bhaile/sráidbhaile.
- Sa chás go gcuirtear iarratas ar thionscadal i leith baile/sráidbhaile isteach le haghaidh maoinithe faoin Scéim seo agus go bhfuil baint aige freisin le tionscadal ar leith atá ceadaithe agus maoinithe ag DRCD (nó le hiarratas ar feitheamh), ceanglaítear ar an údarás áitiúil mionsonraí a thabhairt ar an réasúnaíocht agus ar an mbealach ina nascann an t-iarratas SABS beartaithe leis an iarratas sin.
- Tabharfar aird i measúnú agus ceadú na dtionscadal go léir ar roinnt fachtóirí, lena n-áirítear: ailíniú le ***Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann***, pleananna ***Lár Bailte ar dTús***, tosaíochtaí eile na Roinne, maoiniú atá ar fáil, raon, meascán, cáilíocht agus tionchar na dtionscadal beartaithe, scaipeadh geografach, feidhmíocht seachadta thionscadail na n-údarás áitiúil roimhe seo agus maoiniú a cuireadh ar fáil roimhe seo.
- Déanfar scrúdú breise ar thionscadail a chuimsíonn réitigh atá bunaithe ar an dúlra, táirgí agus cleachtais atá neamhdhíobhálach don chomhshaol nó a bhfuil fócas láidir ar inbhuanaitheacht iontu agus d'fhéadfaí iad a mheas ar bhealach níos fabhraí.
- Ba chóir inrochtaineacht do chách agus ionchuimsitheacht a bheith chun cinn agus tograí thionscadail á bhforbairt don phobal.
- **Ní mór measúnuithe cuí, staidéir féidearthachta agus ceadanna pleanála** (más gá) a bheith i bhfeidhm **sula gcuirtear** iarratas ar thionscadal isteach faoi Phríomhscéim SABS. Sa chás nach bhfuil aon staidéir riachtanacha agus/nó toilithe srl. i bhfeidhm, seachas iarratas a chur isteach faoin bPríomhscéim, b'fhéidir gur mhaith le húdaráis áitiúla iarratas ar Bheart Forbartha Tionscadail a chur isteach chun maoiniú a lorg do na costais a bhaineann leis na costais sin a fháil. Ba cheart go gcuideodh sé sin le húdaráis áitiúla raon tionscadal a fhorbairt a d'fhéadfaí a bhrú chun cinn ina dhiaidh sin, faoi réir maoiniú breise a bheith ar fáil. **Ní féidir iarratais a mheas le haghaidh maoinithe nuair nach bhfuil na léasanna, na measúnuithe, na staidéir féidearthachta agus na ceadanna pleanála riachtanacha i bhfeidhm.**
- Ní mór thionscadail atá **ceadaithe le haghaidh maoinithe suas le €300,000** a bheith réidh le seachadadh laistigh de **thréimhse ama 18 mí**. **Maidir le tionscadail atá ceadaithe le haghaidh maoinithe os cionn €300,000 agus atá lonnaithe ar oileáin amach ón gcósta a bhfuil cónaí orthu, tá tréimhse sínte 24 mhí i bhfeidhm.** Is ar mhaithe le haitheantas a thabhairt don chastacht a bhaineann le seachadadh tionscadal ar scála níos mó agus na dúshlán lóistíochta a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le seachadadh tionscadail ar oileáin amach ón gcósta.

5 Cineálacha Gníomhaíochtaí a dtacaítear leo

Faoi Phríomhscéim 2025, ní mór **ceann amháin** ar a laghad d'iarraais údaráis áitiúil a chur isteach do bhaile nó do shráidbhaile nár ceadaíodh le haghaidh maoinithe faoin Scéim le cúig bliana anuas. Tabharfaidh an Roinn tús áite do thograí maidir le bailte nó sráidbhailte nár chuir iarraitas isteach orthu roimhe seo, nó nár éirigh leo faoin scéim, nuair is féidir agus faoi réir cháilíocht an tionscadail. Ní mór go mbeadh tionscadail ina léiriú ar dhlúth-chomhoibriú idir pobail agus leasanna gnó ó thaobh na tionscadail atá beartaithe a leagan amach agus a chur i gcrích, agus ní mór go dtacódh an t-údarás áitiúil leo.

Ba cheart na hoibreacha a bhaineann le gach tionscadal a shainathint i bpleananna ábhartha ar nós Pleananna Lár Bailte ar dTús, Pleananna Forbartha Contae an údaráis áitiúil, máistirphleananna baile agus sráidbhailte (nó a leithéid) a forbraíodh i gcomhar leis an bpobal áitiúil, gnóilachtaí agus páirtithe leasmhara ábhartha eile sa bhaile nó sa sráidbhaile.

Beidh na gníomhaíochtaí ar an liosta táscach seo a leanas (ní liosta iomlán é) incháilithe le haghaidh maoinithe faoi Scéim 2025.

- Tionscadail athbheochana a chuidíonn le hathbheochan agus le hacmhainneacht a fhorbairt inár mbailte agus sráidbhailte tuaithe, i gcomhréir leis an mBeartas *Lár Bailte ar dTús*, trí athbheochan phleanáilte agus inbhuanaithe.
- Tionscadail forbartha a spreagfaidh gníomhaíocht gheilleagrach agus níos mó daoine chuig an áit, a thabharfaidh aghaidh ar fhoirgnimh fholmha agus ar fhoirgnimh thréigthe agus a chinnteoidh go n-athúsáidfear foirgnimh oidhreacht agus foirgnimh eile atá ann cheana féin⁹.
- Tionscadail chun tacú le pobail bhríomhara inbhuanaithe Ghaeltachta agus/nó le pobail oileánacha ar oileáin amach ó chósta na hÉireann.
- Uasghrádú nó athchóiriú ar ionaid phobail (áit a bhfuil riachtanas / réasúnaíocht aitheanta go soiléir – tá ceistneoir breise i gceist¹⁰).
- Tacaíocht d'fhorbairt áiseanna cianoibre. I bhfianaise líon na mol ar tugadh tacaíocht dóibh go dtí seo, ní mór d'aon iarraitas a fhaightear a bhfuil mol mar chuid de (féach Aguisín 2 do threoir rangúcháin moil) éileamh/riachtanas soiléir ar áis den sórt sin a léiriú go sainráite agus go gcuirfear breisiócht shoiléir ar fáil - ceanglófar ar aon iarraitas den sórt sin faisnéis a sholáthar maidir le riachtanas/éileamh/breisiócht agus rannpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

⁹Ní thacófar le tionscadail forbartha/feabhsaithe cosán toisc gur féidir iad seo a mhaoiniú go díreach trí Údaráis Áitiúla nó tríd an gClár Infheistíochta um Thaisteal Gníomhach.

¹⁰ Ceistneoir maidir le hIonaid Phobail BS

- Tionscadail chun tacú le bunú nó athbheochan margaí lár bailte nó sráidbhailte (m.sh. margaí feirmeoirí, margaí faoin aer, margaí trádálaithe áitiúla, margaí ceardaithe nó a leithéid) – m.sh. oibreacha talún, stáinníní a chur ar fáil, trealamh agus soláthar seirbhísí. Ní mór margaí a thógáil ar phrionsabail eiticiúla agus inbhuanaitheachta le cinntiú go mairfidh siad i bhfad agus ní mór iad a fhorbairt le hinfheictheacht ard agus le réimse poiblí feabhsaithe a mheallfaidh líon mór custaiméirí.
- Tionscadail chun pláis lár bailte / sráidbhailte a fhorbairt, spásanna poiblí bia lasmuigh, páirceanna, spásanna glasa (lena n-áirítear cuibhrinn agus gairdíní pobail) agus spásanna/áiseanna fóillíochta (lena n-áirítear áiseanna spóirt lasmuigh amhail páirceanna scátála, cúirteanna cispheile, cúirteanna leadóige, srl.) i lár bailte chun moil bhríomhara a dhéanamh ionas go mbeidh an pobal in ann sult a bhaint astu agus chun líon na gcustaiméirí a mhéadú do ghnólachtaí áitiúla. I gcás ina gcuirtear plás, spás bia lasmuigh, amfaitéatar nó a leithéid san áireamh i dtogra, ba cheart machnamh a dhéanamh ar shoilsiú poiblí cuí a thacaíonn le soghluaisteacht, inrochtaineacht, sábháilteacht agus slándáil chun a chinntiú gur féidir na spásanna a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí sa tráthnóna agus san oíche. Ní bhreithneofar iarratais ar mhaoiniú ach amháin sa chás go bhfuil na maoiní agus/nó tailte faoi úinéireacht phoiblí nó faoi úinéireacht phobail nó ar léas¹¹.
- Tionscadail chun tacú le huasghrádú agus feabhsú aghaidheanna siopaí agus aghaidheanna sráide (múrphictiúir san áireamh) i mbailte agus i sráidbhailte. Moltar d'údaráis áitiúla dul i dteagmháil le húinéirí gnó agus le húinéirí réadmhaoine áitiúla chun plé a dhéanamh ar an gcaoi is féidir le tionscadail ghrúpa dath agus beocht a chur leis na príomhshráideanna.
- Tionscadail a bhaineann úsáid nua as foirgnimh agus láithreáin fholmha agus thréigthe mar spásanna ilfheidhme. Áirítear leis seo athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh fholmha agus thréigthe nó láithreáin laistigh den bhaile nó den sráidbhaile a fhorbairt mar acmhainní pobail ilfheidhme. Áirítear le húsáid ilfheidhme spásanna fiontraíochta, na healaíona, turasóireacht, moil óige, páirceanna, páircíní, cuibhrinn, áiteanna súgartha agus úsáidí pobail eile.
- Tionscadail a thacaíonn leis an ngeilleagar oíche agus a chuireann feabhas air i gcomhréir le moltaí ó [Thascfhórsa an Gheilleagair Oíche](#) ¹².
- Feabhas a chur ar áiseanna oidhreachta (m.sh. músaeim áitiúla/áiteanna a mbíonn an-tóir ag turasóirí orthu atá dírithe ar ghnéithe stairiúla den cheantar, láithreáin/foirgnimh oidhreachta, srl.) atá lonnaithe i mbailte agus i sráidbhailte, lena n-áirítear bearta éifeachtúlachta fuinnimh.

¹¹ Tabhair ar aird, ní mór go mbeadh léasanna i ndáil le gach tionscadal i bhfeidhm ar feadh 15 bliana ar a laghad – féach an chuid maidir le Coinníollacha i leith Maoiniú thíos

¹² <https://www.gov.ie/en/publication/c1ba7-report-of-the-night-time-economy-taskforce/>

6 Cineálacha Gníomhaíochtaí nach dtacaítear leo

Ní mheastar go bhfuil na gníomhaíochtaí agus na hiarratais tionscadail seo a leanas incháilithe faoin scéim (ní liosta iomlán é seo);

- Iarratais nach bhfuil an cead pleanála cuí ag an údarás áitiúil nó ceadanna/léasanna eile atá riachtanach chun an tionscadal a sheachadadh go rathúil i bhfeidhm ag céim an iarratais. Ní ceadmhach don údarás áitiúil togra a chur isteach sa chás nach bhfuil na ceadanna/léas/cead pleanála/staidéir féidearthachta agus measúnuithe ábhartha i bhfeidhm.
- Cosáin agus bealaí rothaíochta i mbailte agus i sráidbhailte.
- Tionscadail nach bhfuil lonnaithe laistigh de gharchomharsanacht baile nós sráidbhaile tuaithe¹³.
- Tacaíocht d'fhiontar príobháideach aonair – is féidir glacadh le tionscadail ina gcuidítear le fiontair phríobháideacha laistigh de bhaile nó sráidbhaile.
- Tionscadail neamhchríochnaithe – is féidir glacadh le céimeanna de thionscadail, mar sin féin ní mór go mbeadh an tionscadal neamhspleách agus infheidhme ann féin le go measfaí é bheith incháilithe mar 'chéim' de thionscadal níos leithne.
- Costais leanúnacha oibríochtúla.
- Tionscadail nach léiríonn go soiléir go ndearnadh próiseas comhairliúcháin chun tuairimí an phobail áitiúil agus na ngnólachtaí a fháil amach.
- Tionscadail atá níos oiriúnaí i leith maoiniú faoi CLÁR, an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil (LIS), an Scéim um Bonneagar Tuaithe Allamuigh (ORIS) nó an Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF).
- Maoiniú d'fhorbairt Lár Bailte ar dTús nó pleananna eile nach bhfuil nasctha le tionscadal forbartha caipitil ar leith.

¹³ Tabhair faoi deara an eisceacht d'oileáin, a mheastar a bheith incháilithe mar gheall ar a gcúinsí sonracha.

7 Costais na nÚdarás Áitiúil

Is é an seasamh réamhshocraithe go mbeidh obair a dhéanfar faoi réir próiseas tairisceana iomaíoch ar leith nó go mbeidh tarraingt anuas conartha i gceist leo faoi chreat-chomhaontú atá ann cheana. Ba chóir go mbeadh an próiseas soláthair i gcomhréir le Riachtanais Soláthair Poiblí an AE (Treoir 2014/24 AE) agus na Treoirínte maidir le Soláthar Poiblí arna bhfoilsiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Costais Seachadta Tionscadail

Tacóidh Foinne Seachadta Caipitil (FSC) atá maoinithe ag DRCD le tionscadail SABS a sheachadadh. Tá FSC i bhfeidhm faoi chomhaontú maoinithe a chuireann cosc ar chostais forchostais/tuarastail/riaracháin a éileamh i gcoinne aon scéim infheistíochta caipitil DRCD mura bhfuil na costais tabhaithe cheana féin roimh shíniú an chomhaontaithe agus go bhfuil siad incháilithe faoin gcomhaontú scéime/maoinithe tionscadail ábhartha agus/nó téarmaí agus coinníollacha, nó leis an gcomhaontú scríofa le DRCD.

Sa chás go bhfuil sé beartaithe ag an údarás áitiúil seirbhísí nó oibreacha speisialaithe a dhéanamh go hinmheánach, agus nach bhfuil na scileanna chun na seirbhísí sin a sholáthar laistigh den FSC, ní mór miondealú ar na costais sin a chur san áireamh san fhoirm iarratais agus réasúnaíocht a chur ar fáil dóibh freisin. Ní mór do na costais seo a bheith réasúnta agus i gcomhréir le costas foriomlán an tionscadail, agus ní mór iad a shainaithint ag an gcéad chéim den iarratas. Déanfar na costais sin a mheasúnú ag céim an iarratais agus d'fhéadfaí iarraidh ar an údarás áitiúil na costais sin a laghdú má mheastar go bhfuil siad iomarcach.

Ina theannta sin, ní mór réasúntacht an chostais a fhíorú m.sh. ní mór don údarás áitiúil fianaise a bheith aige ar chomhad an tionscadail go bhfuil an costas a ghearrtar ag teacht leis an gcostas a bhaineann le conraitheoir seachtrach a fhostú, nó níos lú ná sin. Déanfar athbhreithniú ar an bhfianaise ag céim na cigireachta den tionscadal. Mura bhfuil sin ar thaifead, mheasfaí gur suim neamh-incháilithe an tsuim a gearradh.

9 Coinníollacha i leith Maoiniú

D'fhéadfadh sé go mbeadh sé mar thoradh ar neamhchomhlíonadh choinníollacha na scéime agus/nó neamhchomhlíonadh an chonartha a bronnadh agus a comhaontaíodh go gceanglófar cuid den mhaoiniú deontais nó an maoiniú deontais ar fad a aisíoc.

Tá an caiteachas ar fad faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte faoi réir théarmaí na dTreoirínte Bonneagair <https://www.gov.ie/en/collection/e8040-infrastructure-guidelines/>. Tá feidhm ag na riachtanais seo a leanas chomh maith;

Riachtanais

- 1 Beifear ag súil go gcuirfear tús leis na tionscadail agus go gcuirfear i gcrích iad de réir na n-amlínte atá leagtha amach in Achoimre na Scéime.
- 2 Déanfar aon tionscadal nár cuireadh tús leis faoin dáta críochnaithe comhaontaithe a dhíghéalladh go huathoibríoch, mura bhfuil rannpháirtíocht leanúnach déanta leis an Roinn agus mura bhfuil glactha ag an Roinn leis na cúiseanna atá leis an moill.
- 3 Féadfaidh an Roinn maoiniú a bhí leithdháilte ar thionscadail faoin Scéim a tharraingt siar sa chás nach mbeidh an tionscadal tugtha chun críche laistigh den tréimhse ama a bhí sonraithe, agus sa chás nach ndearnadh comhaontú sainráite leis an Roinn roimh ré síneadh ama a chur leis an socrú maoinithe.
- 4 Íocaíochtaí Céimnithe: D'fhéadfaí an maoiniú a tharraingt anuas in 3 chéim ar a mhéad. Is é 20% de chostais an tionscadail an tsuim is lú is féidir a tharraingt anuas in am ar bith. Ní mór don Stiúrthóir Seirbhísí (DOS) nó d'oifigeach údaraithe iarratais ar mhaoiniú a tharraingt anuas (Aguisín 4 Iarratas ar Mhaoiniú a Tharraingt Anuas) a shíniú agus ba chóir an DOS a chóipeáil nuair atá an t-éileamh á chur isteach.
- 5 Ní mór tionscadail a bheith tugtha chun críche go hiomlán chun méid iomlán an deontais a tharraingt anuas. Sa chás go bhfaightear amach nach bhfuil tionscadal tugtha chun críche, féadfaidh an Roinn iarraidh ar an deontái aon mhaoiniú a fuarthas don tionscadal a aisíoc. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí aon athruithe ar ghnéithe an tionscadail, nó ath-leithdháileadh maoinithe idir gnéithe, in iúl agus go gcomhaontófar leis an Roinn iad sula gcuirfear an t-athrú i bhfeidhm (Iarscríbhinn 6 – Athrú Cuspóra); ní cheadóidh an Roinn athruithe ar thionscadail go cúlghabhálach.
- 6 I gcás inar cuireadh athruithe i bhfeidhm ar thionscadal ceadaithe gan chead a fháil ón Roinn, d'fhéadfaí an maoiniú deontais a laghdú chun dul in oiriúint don tionscadal leasaithe.
- 7 Sa chás go bhfuil coinneáil i bhfeidhm, coimeádfaidh an Roinn cuid chéatadáin den íocaíocht deontais, de réir an chostais chéatadáin a choinnítear siar, go dtí go dtiocfaidh an tréimhse choinneála thart, deonófar síneadh coinníollach sna cásanna seo. Féadfaidh Údaráis Áitiúla an méid deontais atá fágtha a tharraingt anuas ansin nuair is féidir cruthúnas a sholáthar go bhfuil an méid coinneála deiridh íoctha.
- 8 Sa chás go mbaineann an tionscadal le hoibreacha ar fhoirgnimh nó ar thailte nach leis an deontái iad, ní mór léas 15 bliana ar a laghad a bheith i bhfeidhm ón dáta a mbeidh an tionscadal tugtha chun críche.

- 9 Maidir le maoiniú a leithdháiltear ar fhiontair nó ar shaoráidí (i.e. ionad pobail, moil), beidh sé ina riachtanas nach mór dóibh feidhmiú de réir mar a tugadh maoiniú ina leith ar feadh 5 bliana ar a laghad i ndiaidh an chéim dheiridh den mhaoiniú a chur amach, mura ndéantar amhlaidh, d'fhéadfadh sé bheith riachtanach an maoiniú a aisíoc. Sa chás nach n-oibreoidh siad mar a maoiníodh iad, caithfidh siad é sin a chur in iúl don Roinn agus a chomhaontú leis an Roinn roimh ré.
- 10 Ní mór cloí leis na rialacha agus na rialacháin iomchuí go léir maidir le hairgeadas, soláthar poiblí agus cuntasáíocht, agus tabharfaidh gach deontái cuntas iomlán, tráthúil ar an maoiniú a gheofar.
- 11 Is faoin údarás áitiúil atá sé a chinneadh an bhfuil faighteoirí deontais cláraithe le haghaidh CBL, agus má tá, ní bheidh an méid CBL le héileamh mar chostas tionscadail ag tarraingt anuas.
- 12 D'fhéadfaí gach tionscadal a bheith faoi réir iniúchadh faoi phróisis chaighdeánacha na Roinne. Ní mór doiciméid iomlána agus cruinne a choinneáil ar chomhad an tionscadail chun tacú leis an gcaiteachas ar fad agus ba chóir go mbeadh sé inrochtana ag oifigigh na Roinne i gcónaí chun críocha iniúcháireachta, ar feadh tréimhse cúig bliana ón dáta a chuirtear an tionscadal i gcrích.
- 13 Tabharfaidh deontaithe aitheantas don tacaíocht atá faighte ó Thionscadal Éireann 2040 / ón Roinn Forbartha Pobail agus Tuaithe / ó Rialtas na hÉireann, agus d'aon fhoinsí maoinithe infheidhme eile (mar a shainaithnítear iad sa Chomhaontú Maoinithe ábhartha) i ngach fógra poiblí, fógraíocht agus comharthaíocht, de réir mar is cuí, a bhaineann leis an tionscadal. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an Roinn an tionscadal a úsáid i gcur chun cinn níos leithne a cuid beartas. Is féidir costais don chomharthaíocht éigeantach a chur san áireamh i gcostais an tionscadail ag céim an iarratais.
- 14 Cuirfidh deontaithe tuarascálacha agus faisnéis maidir leis an tionscadal ar fáil de réir mar a d'fhéadfadh an Roinn a iarraidh go réasúnach ó am go ham. Ní mór tuarascálacha ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid na Roinne ag: 9 mí, 12 mhí, 15 mhí agus 18 mí ó ceadaiódh an tionscadail, nó, de réir mar a iarrann an Roinn é.
- 15 Is ceart faireachán agus meastóireacht leanúnach a dhéanamh ar aschur agus ar thorthaí an tionscadail i gcomhthéacs measúnú a dhéanamh ar thionchar an tionscadail. Beifear ag brath air deontaithe na sonraí cuí a bhailiú chun éascaíocht a dhéanamh ar an bhfoghlaim seo ar bhonn leanúnach. Is ceart tuairisc ghearr (1-2 leathanach) ar aschuir agus ar thorthaí an tionscadail arna mhaoiniú a chur i gcrích agus a chur ar fáil don Roinn má iarrtar a leithéide.
- 16 Cuirfidh deontaithe pointe/pointí teagmhála ar fáil don Roinn chun éascaíocht a dhéanamh ar iarratais ar íocaíocht agus faisnéis. Is ceart aon athruithe ar na daoine teagmhála a chur in iúl don Roinn go tráthúil.
- 17 Beidh seicliosta lena ndearbhófar gur comhlíonadh na coinníollacha maoinithe a bhaineann leis an gcúnamh deontais de dhíth ar an tionscadal a thabhairt chun críche.
- 18 Tá sé de cheart ag an Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail tionscadail a fhaigheann tacaíocht faoin SABS a sheoladh/a oscailt. Ba cheart fógra a thabhairt don Roinn sé seachtaine ar a laghad roimh an dáta atá beartaithe d'imeachtaí den sórt sin.

19 Treoirlínte Bonneagair - Ní mór do gach iarratas costais tionscadail mhionsonraithe agus luach soiléir ar airgead a thaispeáint. Braithfidh castacht na gceanglas breithmheasa agus na modhanna a úsáidfear ar mhéid agus ar an gcineál tionscadail agus ba cheart go mbeadh siad i gcomhréir lena scála. Tá treoir bhreise leagtha amach a sholáthraíonn faisnéis d'iarratasóirí sna Treoirlínte Bonneagair.

Is ceanglas de na Treoirlínte Bonneagair é go gcaithfidh Anailís Airgeadais a bheith i ngach togra caiteachais leis an leibhéal mionsonraithe atá i gcomhréir leis an leibhéal caiteachais atá i gceist.

Ní mór anailís airgeadais an tionscadail a bheith mionsonraithe ar cheann de na teimpléid a sholáthraíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

20 Ní mór gach próiseas soláthair a bheith ag teacht le Ceanglais an AE maidir le Soláthairtí Poiblí (Treoir AE 2014/24) agus le treoirlínte soláthair náisiúnta arna bhfoilsiú ag an Oifig um Sholáthar Rialtais. Téigh chuig www.etenders.gov.ie agus www.constructionprocurement.gov.ie le haghaidh tuilleadh eolais.

10 Creat Scórála Iarratas

Tabhair ar aird: Ní mór go mbeadh gach togra tionscadail tacaíthe le Foirm Iarratais atá comhlánaithe go hiomlán. Ní bhreithneofar ach iarratais a chuirfidh an t-údarás áitiúil isteach. Ní mór iarratais a bheith réidh le tosú agus cead pleanála agus gach cead riachtanach eile i bhfeidhm.

Tabharfar tús áite do mhaoiniú d'údaráis áitiúla a bhfuil dea-theist léirithe orthu maidir le seachadadh faoi scéimeanna DRCD. Ar an gcaoi chéanna, b'fhéidir nach n-éireoidh le húdaráis áitiúla maoiniú a fháil má tá leibhéil shuntasacha moilleanna acu ar sheachadadh na dtionscadal atá idir lámha.

Cuirfear an creat scórála thíos i bhfeidhm i ndáil le gach iarratas ar mhaithe le cinntiú go mbeidh gach tionscadal ar ardchaighdeán. Tabharfar ualú breise do thionscadail a eascraíonn ó Phlean um *Lár Bailte ar dTús* críochnaithe agus faofa ón gcéad chéim de Thionscnamh Plean TCF.

Spriocdháta chun iarratais ar an bpríomhscéim (lena n-áirítear an Beart Forbartha Tionscadail) a sheoladh chuig townandvillage@drcd.gov.ie ná am scoir gnó **Dé hAoine 25 Iúil 2025**.

Ní mór iarratais ar mhaoiniú faoin mBeart Fála Foirgnimh nó Talún a chur isteach chuig an Roinn faoin 2 Bealtaine 2025.

Painéal Measúnaithe Iarratais Critéir Roghnúcháin	Míniú
Cuspóirí agus Riachtanais na Scéime a Chomhlíonadh	• An bhfuil an togra i gcomhréir le cuspóirí na Scéime? • An mbeidh tionchar dearfach ag an togra ar an mbaile/sráidbhaile? • Cé chomh fada is a thacóidh an togra leis na cuspóirí a leagtar amach san Achoimre ar an Scéim? • An mbeidh tionchar dearfach ag an togra maidir le comhfhorbairt áite agus athnuachan láir bhailte? • An meallfaidh an tionscadal níos mó custaiméirí chuig lár an bhaile? • An dtugann an tionscadal aghaidh ar an bhfadhb maidir le foirgnimh fholmha/thréigthe i mbailte agus sráidbhailte? • An gcruthaítear deiseanna cianoibre tríd an tionscadal? • An bhfuil fócas ar inbhuanaitheacht sa tionscadal? • An ndíríonn an tionscadal ar inrochtaineacht do chách agus ar chuimsitheacht? • An dtacaíonn an togra le láir bhailte agus sráidbhailte gníomhacha agus fuinniúla?

Painéal Measúnaithe Iarratais Critéir Roghnúcháin	Míniú
	• An bhfuil an togra ag teacht leis na cuspóirí faoi bheartais <i>Thodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann</i> agus <i>Lár Bailte ar dTús</i>? • An bhfuil ceadanna pleanála / léas / measúnuithe cuí i bhfeidhm? • An mbaineann an tionscadal seo le baile nach bhfuair maoiniú roimhe seo?
Riachtanas a Léiriú	• An gcuireann an t-iarratasóir riachtanas agus réasúnaíocht shoiléir in iúl maidir leis an togra? • An dtugann an togra atá beartaithe aghaidh ar an riachtanas seo agus cé chomh fada is a dtugtar aghaidh ar an riachtanas? • An bhfuil mionsonraí sa togra maidir leis an gcomhairliúchán poiblí chun an riachtanas a aithint agus tacú leis an réasúnaíocht atá leis an togra? • An dtugann an t-iarratasóir míniú ar an bhfáth a bhfuil maoiniú ag teastáil faoin Scéim seo i.e. a thaispeáint nach bhfuil aon fhoinsí maoinithe oiriúnacha eile ar fáil don togra seo? • An mbeidh an togra seo ag cur le haon phleanáil a rinneadh roimhe seo don bhaile – mar shampla, an mbaineann sé leas as Pleananna Lár Bailte ar dTús, Seiceálacha Sláinte Baile nó Bearta Forbartha Tionscadail a maoiníodh roimhe seo?
Luach ar Airgead	• An bhfuil na costálacha don togra ina gcostálacha atá soiléir agus réalaíoch? • An bhfuil go leor sonraí curtha ar fáil maidir leis an gcostas do gach ceann de na gnéithe tionscadail ar leith? • An dtugtar míniú soiléir ar na costálacha agus an dtugtar údar ina leith? • Ar thug an t-iarratasóir údar soiléir i leith an leibhéil infheistíochta atá á iarraidh? • An tionscadal inbhuanaithe é seo i.e. an mbeidh tionchar ag an togra seo i ndiaidh na tréimhse maoinithe sa bhaile agus sráidbhaile? • Tríd is tríd, an bhfuil luach ar airgead i gceist sa tionscadal?
Caighdeán agus Indéantacht	• An togra ciallmhar é agus an bhfuil sé leagtha amach go soiléir san fhoirm iarratais? • An togra réalaíoch é agus an féidir é a chur i gcrích laistigh de chreata ama na Scéime?

Painéal Measúnaithe Iarratais Critéir Roghnúcháin	Míniú
	• An bhfuil aschuir agus torthaí soiléire leagtha amach sa tionscadal? • An féidir na haschuir agus torthaí a thomhas go soiléir? • Cé chomh suntasach is a bheidh gníomhaíocht eacnamaíoch mhéadaithe agus fostaíocht fhadtéarmach inbhuanaithe mar thoradh ar an tionscadal? An gcruthóidh an tionscadal poist? An gcruthóidh/an dtacóidh an tionscadal le fiontraíocht?

Aguisín 1 – Líon incheadaithe iarratas de réir catagóire

Catagóir	Uaslíon na n-iarratas	Réim Mhaoinithe SABS	Ráta cúnaimh
€500,000	Iarratas amháin in aghaidh an Údaráis Áitiúil	Suas go dtí €500,000	90% de chostas iomlán an tionscadail (95% i Réigiún an Iarthuaiscirt)
€300,000	Trí iarratas eile in aghaidh an Údaráis Áitiúil Iarratas breise amháin ar mhaoiniú ó údaráis áitiúla a bhfuil oileán a bhfuil daoine ina gcónaí ann amach ón gcósta agus/nó ceantair Ghaeltachta acu (ceann amháin ar a mhéad in aghaidh an údaráis áitiúil má tá oileán amach ón gcósta agus ceantar Gaeltachta ag an údarás).	Suas le €300,000 in aghaidh an iarratais	
Beart Seachadta Tionscadail (PDM)	Dhá iarratas PDM in aghaidh an Údaráis Áitiúil	Suas le €50,000 in aghaidh an iarratais	
Beart Fála Foirgnimh nó Talún	Is féidir suas le trí iarratas a úsáid chun foirgnimh nó talamh a fháil i lár bailte nó sráidbhailte	€500,000 ar a mhéad	Suas le 100% de na costais

Aguisín 2 – An Treoir Aicmithe Mol

Mol Fiontraíochta

Áis fiontraíochta áitiúil a sholáthraíonn spás, áiseanna agus seirbhísí do ghnólachtaí nuathionscanta, Gnólachtaí Nuathionscanta Ard-Acmhainneachta (HPSU), cianoibrithe, imeachtaí óstála agus a bheidh ina nasc do líonraí fiontraíthe.

Mol Scálaithe

Céim níos airde ná mol fiontraíochta ginearálta ina leagtar béim mhór ar chliaint i ndiaidh dóibh gnólacht a chur ar bun a bhfuil tacaíocht á cur ar fáil dóibh trí na céimeanna scálaithe agus infheistíochta. Seirbhísí ardleibhéil chun dlús a chur leis an ngnólacht agus onnmhairiú a fhorbairt. Imeachtaí agus cláir fiontraíochta domhanda.

Mol R&D

Mol Speisialtóra a cheanglaítear le haghaidh Institiúid Ardoideachais de ghnáth agus ina ndírítear ar chliaint ag na céimeanna tosaigh de R&D i ndáil le táirgí nó seirbhísí nua. Cuirtear spás oifige nó deisce ar fáil mar aon le rochtain ar sheomraí cruinnithe, saotharlanna etc. Fostaítear bainisteoir lánaimseartha agus baill foirne eile chun tacú le forbairt ghnó le linn an ghnó a chothú agus dlús a chur leis.

Mol Oibre Comhionaid

Cuirtear oifigí nó deasca príobháideacha ar fáil do chliaint mar aon le rochtain ar sheomraí cruinnithe agus spás le haghaidh imeachtaí. Cuirtear saoráidí plugáil agus seinn ar fáil do chliaint ach ní chuirtear tacaíocht ghnó ar fáil. Is minic a bhíonn sé comhlonnaithe le saoráidí eile agus bainistíocht chomhroinnte.

Mol Pobail & Fiontraíochta

Is ionad é arb é an príomhchúram seirbhísí pobail a chur ar fáil agus ina bhfuil spás oifige, deasca tiomnaithe agus/nó deasca sealaíochta, mar aon le seomraí cruinnithe a chuirtear ar fáil do chliaint. Beidh na saoráidí ghnó ag teacht go maith leis na seirbhísí pobail agus cuirfear ioncam ar fáil don phobal. Tríd is tríd, is oibrithe deonacha a réachtálann na moil seo le tacaíocht ó bhaill foirne Fostaíochta Poiblí nó gan tacaíocht uathu.